Uimhir 62 *de* 2015

AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Teideal chun postais in aisce ag iarrthóirí i dtoghlach ollscoile don Seanad

2. Comhlachtaí ainmniúcháin— Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann agus Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil

3. Clárú toghthóirí

4. Páipéir bhallóide

5. Athbhreithniú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí – ordachán

6. Gearrtheideal agus comhlua

AN SCEIDEAL

Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 (Uimh. 21)
An tAcht um an gCúirt Achomhairc, 2014 (Uimh. 18)
An tAcht Toghcháin, 1992 (Uimh. 23)
An tAcht Toghcháin, 1997 (Uimh. 25)
Na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2014
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 (Uimh. 10)
Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947 (Uimh. 42)
Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1954 (Uimh. 1)
Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947 go 2006
Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937 (Uimh. 30)
Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile), 1937 go 2006

Uimhir 62 *de* 2015

AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú agus do leathnú Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937, Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947, an Achta Toghcháin, 1992 agus alt 4 den Acht Toghcháin, 1997.

[29 *Nollaig* 2015]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Teideal chun postais in aisce ag iarrthóirí i dtoghlach ollscoile don Seanad

1. (1) Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh alt 28 d'Acht 1937:

"**28A.** (1) Beidh gach iarrthóir i dtoghchán Seanaid i dtoghlach ollscoile, faoi réir alt 61 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011, i dteideal aon phost-teachtaireacht amháin, ina mbeidh ábhar a bhaineann go hiomlán leis an toghchán agus nach mbeidh os cionn 50 gram meáchain inti, a chur saor ó aon mhuirear postais chuig gach duine a bhfuil a ainm nó a hainm ar chlár na dtoghthóirí don toghlach nó chuig aon teaglaim de na daoine sin.

(2) (a) Más rud é, i dtoghchán Seanaid, go mbeidh aon duine ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i níos mó ná toghlach ollscoile amháin, ní bheidh sé nó sí i dteideal an ceart chun postais in aisce a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú i leith níos mó ná ceann amháin de na toghlaigh sin.

(b) Aon iarrthóir lena mbaineann mír (a), nó a ghníomhaire nó a gníomhaire, cuirfidh sé nó sí in iúl i scríbhinn don soláthraí seirbhíse poist iomchuí an toghlach ar ina leith is mian leis nó léi a cheart nó a ceart chun postais in aisce faoin alt seo a fheidhmiú.

(3) Ní bheidh iarrthóir i dteideal an ceart chun postais in aisce a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú sula mbeidh sé nó sí ainmnithe go bailí, mura rud é go mbeidh cibé urrús a cheanglóidh an soláthraí seirbhíse poist iomchuí tugtha aige nó aici chun an postas ar na cumarsáidí go léir a chuirfidh sé nó sí faoin alt seo a íoc i gcás nach n-ainmneofar é nó í i ndeireadh na dála.".

(2) Leasaítear fo-alt (2) (a cuireadh isteach le halt 62(2)(b) d'Acht 2011) d'alt 5 d'Acht 1937 trí "le halt 28A" a chur in ionad "le halt 25".

(3) Leasaítear alt 25 (a cuireadh isteach le halt 166(a) den Acht Toghcháin, 1992) d'Acht 1937 i bhfo-alt (1) trí "57," a scriosadh.

(4) Leasaítear alt 61(1) d'Acht 2011 sa mhíniú ar "soláthraí seirbhíse poist iomchuí" tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (i):

"(i) alt 28A d'Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937;".

(5) San alt seo—

ciallaíonn "Acht 1937" Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937;

ciallaíonn "Acht 2011" An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011.

Comhlachtaí ainmniúcháin— Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann agus Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil

2. Leasaítear Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947 le héifeacht ón 21 Márta 2015—

(a) in alt 2, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "an bord achomhairc":

"ciallaíonn 'Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann'—

(a) an comhlachas údarás áitiúil (de réir bhrí alt 225 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001) ar a dtugtar Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann arb é comhlacht comharbais Chumann na gComhairlí Contae agus Cathrach agus Chomhlachas Údarás Bardasach na hÉireann, nó

(b) aon chomhlachas eile údarás áitiúil (de réir bhrí an ailt sin 225) a bhunófar in ionad Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann;",

(b) in alt 2, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "an liosta iarrthóirí":

"ciallaíonn 'Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil' an cumann de chomhaltaí na n-údarás áitiúil (de réir bhrí alt 2 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001) ar a dtugtar Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil;",

(c) in alt 8(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (h):

"(h) (i) clárófar Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann agus Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil sa chlár i leith an rolla riaracháin gan aon iarratas, agus

(ii) ní clárófar aon chomhlacht eile sa chlár i leith an rolla sin murab iad is cuspóirí agus gníomhaíochtaí dó, go hiomlán nó go substainteach, seirbhísí comhdhaonnacha deonacha de chineál carthanach nó almsaineach.",

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 16:

"**Beidh Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann agus Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil ar an gclár de chomhlachtaí ainmniúcháin**

16A. (1) D'ainneoin ailt 15, 16 agus 19, measfar, chun críocha an Achta seo, Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann agus Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil a bheith cláraithe, i leith an rolla riaracháin, gan iarratas, sa chlár de chomhlachtaí ainmniúcháin a tháinig i bhfeidhm, de réir fho-alt (1) d'alt 19, an 21 Márta 2015.

(2) A luaithe is indéanta tar éis *an tAcht Toghcháin (Leasú), 2015* a rith, foilseoidh ceann comhairimh an tSeanaid, san Iris Oifigiúil, fógra go bhfuil Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann agus Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil cláraithe, i leith an rolla riaracháin, sa chlár de chomhlachtaí ainmniúcháin a tháinig i bhfeidhm an 21 Márta 2015.",

(e) in alt 27, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) I gcás Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann agus Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil, déanfaidh comhaltaí an chomhlachta agus iad ag vótáil de réir an chórais ionadaíochta cionúire agus ar mhodh an aon vóta inaistrithe na daoine a bheidh le moladh chun a n-ainmnithe chun an rolla riaracháin ag na comhlachtaí sin faoi seach a roghnú.",

agus

(f) in alt 58A (a cuireadh isteach le halt 11 d'Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1954), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) I gcás Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann agus Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil, déanfaidh comhaltaí an chomhlachta agus iad ag vótáil de réir an chórais ionadaíochta cionúire agus ar mhodh an aon vóta inaistrithe an duine a ainmneofar faoin alt seo a roghnú.".

Clárú toghthóirí

3. Leasaítear alt 15 den Acht Toghcháin, 1992 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1A) (a cuireadh isteach le halt 76 den Acht Toghcháin, 1997):

"(1A) (a) D'ainneoin fho-alt (1), ailt 7(1), 8(1), 9 agus 10, agus Riail 1(3) den Dara Sceideal agus faoi réir alt 11(1)(a) agus mhír (c), aon duine—

(i) nach raibh gnáthchónaí air nó uirthi i dtoghlach nó i dtoghlimistéar áitiúil, de réir mar a bheidh, ar an dáta cáilitheach chun toghthóirí a chlárú agus a rachaidh chun gnáthchónaithe sa toghlach nó sa toghlimistéar áitiúil sin, de réir mar a bheidh, tar éis an dáta cháilithigh sin agus a bheidh, thairis sin, i dteideal a chláraithe nó a cláraithe faoi alt 7, 8, 9 nó 10,

(ii) a shlánóidh 18 mbliana d'aois tar éis an dáta a thiocfaidh clár toghthóirí i bhfeidhm,

(iii) a bheidh cláraithe mar thoghthóir i dtoghlach nó i dtoghlimistéar áitiúil agus a rachaidh chun gnáthchónaithe i dtoghlach nó i dtoghlimistéar

áitiúil eile ar dháta tar éis theacht i bhfeidhm chlár na dtoghthóirí a bheidh i bhfeidhm an tráth sin, más rud é—

(I) go n-údaróidh an duine i scríbhinn, i bhfoirm a ordóidh an tAire, don údarás clárúcháin a mbeidh sé nó sí cláraithe mar thoghthóir ina chlár toghthóirí a ainm nó a hainm a scriosadh as an gclár toghthóirí sin, agus

(II) go mbeidh san údarú cibé faisnéis is gá chun a chumasú don údarás clárúcháin sin an taifead iomchuí sa chlár sin a shainaithint,

nó

(iv) nach raibh ina shaoránach nó ina saoránach d'Éirinn ar an dáta cáilitheach chun toghthóirí a chlárú agus a thiocfaidh chun bheith ina shaoránach nó ina saoránach d'Éirinn tar éis an dáta cháilithigh sin agus a bheidh, thairis sin, i dteideal a chláraithe nó a cláraithe mar thoghthóir faoi alt 7, 8(1) nó 9,

féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chuig an údarás clárúcháin chun a ainm nó hainm a thaifeadadh san fhorlíonadh ar an gclár.

(b) Deimhneoidh iarratasóir ar thaifeadadh san fhorlíonadh dá dtagraítear i mír (a)(i) don údarás clárúcháin go bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa toghlach nó sa toghlimistéar áitiúil, de réir mar a bheidh, a bhfuil feidhm ag an iarratas ina leith agus, le linn iarratas ón duine sin a bhreithniú, féadfaidh an t-údarás clárúcháin a cheangal ar an iarratasóir dearbhú reachtúil a thabhairt go bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa toghlach nó sa toghlimistéar áitiúil lena mbaineann.

(c) Beidh duine dá dtagraítear i mír (a)(ii) intaifeadta san fhorlíonadh ar an gclár an lá a shlánóidh an duine sin 18 mbliana d'aois nó dá éis, lena n-áirítear lá den sórt sin laistigh den tréimhse dar tosach an lá deiridh ar a bhféadfar iarratais ar thaifeadadh san fhorlíonadh a fháil agus dar críoch an lá vótaíochta i gcás toghchán Dála, toghchán Uachtaráin, toghchán Eorpach nó toghchán áitiúil nó i gcás reifrinn.

(d) Déanfaidh an t-údarás clárúcháin, ar údarú dá dtagraítear i mír (a)(iii) a fháil agus ar é a bheith deimhin de nach bhfuil gnáthchónaí ar an duine a thuilleadh i leith an tseolta dá bhfuil sé nó sí cláraithe mar thoghthóir—

(i) i gcás go bhfuil an seoladh nua i limistéar clárúcháin eile, a ainm nó a hainm a scriosadh as clár na dtoghthóirí do limistéar clárúcháin an údaráis agus an fhoirm dá dtagraítear i mír (a)(iii)(I) a chur ar aghaidh láithreach chuig an údarás clárúcháin don seoladh, a bheidh curtha in iúl ar an bhfoirm, ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi,

(ii) i gcás go bhfuil an seoladh nua i dtoghlimistéar áitiúil eile laistigh de limistéar clárúcháin an údaráis clárúcháin, ainm an toghthóra a scriosadh as clár na dtoghthóirí agus a mhionsonraí nó a mionsonraí a thaifeadadh san fhorlíonadh ar an gclár a bheidh ullmhaithe faoin alt seo.

(e) Déanfaidh an t-údarás clárúcháin, ar iarratas a fháil, i bhfoirm a ordóidh an tAire, ó dhuine dá dtagraítear i mír (a)(iv) a bheidh cláraithe cheana féin

mar thoghthóir áitiúil nó Eorpach, nó mar thoghthóir Dála faoi threoir alt 8(2), ainm an duine sin a scriosadh as clár na dtoghthóirí agus déanfaidh sé, ar a bheith deimhin dó gur saoránach d'Éirinn an duine, mionsonraí an duine sin a thaifeadadh dá réir sin san fhorlíonadh ar an gclár a ullmhófar faoin alt seo.".

Páipéir bhallóide

4. (1) Leasaítear an Ceathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin, 1992 tríd an bhfoirm a shonraítear sa *Sceideal* a chur in ionad na foirme páipéir ballóide (de réir bhrí an Achta sin) a shonraítear i gCuid II den Sceideal céadluaite (arna modhnú le Rialachán 7 de na Rialacháin Toghcháin, 2007 (I.R. Uimh. 156 de 2007)).

(2) Cúlghairtear Rialachán 7 de na Rialacháin Toghcháin, 2007 (I.R. Uimh. 156 de 2007) agus an Cúigiú Sceideal a ghabhann leo.

Athbhreithniú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí – ordachán

5. Leasaítear alt 4 den Acht Toghcháin, 1997 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

"(4A) I gcás go mainneoidh duine ceanglas a chuirfear air nó uirthi faoi fho-alt (4) a chomhlíonadh laistigh de cibé tréimhse ama a mheasann an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí is réasúnach, féadfaidh sé a ordú don duine cibé faisnéis, doiciméad nó ní a shonrófar san ordachán a thabhairt dó laistigh de cibé tréimhse ama a luafar san ordachán agus, má mhainníonn an duine an t-ordachán a chomhlíonadh laistigh den tréimhse sin, déanfaidh an duine cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme D a chur air nó uirthi.

(4B) Aon fhaisnéis a thabharfaidh duine (seachas faisnéis is eol don duine a bheith bréagach nó míthreorach) don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun ordachán faoi fho-alt (4A), ní bheidh sí inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine mar gheall ar chion.

(4C) Is cosaint é do dhuine a chúiseofar i gcion faoi fho-alt (4A) a shuíomh nach raibh an fhaisnéis, an doiciméad nó an ní is ábhar don ordachán ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú agus nárbh fhéidir leis nó léi le réasún an t-ordachán a chomhlíonadh.".

Gearrtheideal agus comhlua

6. (1) Féadfar an tAcht Toghcháin (Leasú), 2015 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile), 1937 go 2015 a ghairm d'Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile), 1937 go 2006, d'alt 34 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, d'alt 62 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 agus *d'alt 1* le chéile.

(3) Féadfar Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947 go 2015 a ghairm d'Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947 go 2006, d'alt 44 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, d'alt 40 den Acht um an gCúirt Achomhairc, 2014 agus *d'alt 2* le chéile.

(4) Féadfar na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2015 a ghairm de na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2014 agus *d'ailt 3* agus *4* le chéile.

AN SCEIDEAL

Alt 4

"Cuid II

FOIRM AN PHÁIPÉIR BALLÓIDE

(Éadan an Pháipéir)

TREORACHA

1. Scríobh an figiúr 1 sa bhosca le hais an chéad iarrthóra is rogha leat, scríobh an figiúr 2 sa bhosca le hais an dara hiarrthóir is rogha leat, agus mar sin de.

2. Fill an páipéar ionas nach bhfeicfear do vóta. Taispeáin cúl an pháipéir don oifigeach ceannais, agus cuir sa bhosca ballóide é.

INSTRUCTIONS

1. Write 1 in the box beside the candidate of your first choice, write 2 in the box beside the candidate of your second choice, and so on.

2. Fold the paper to conceal your vote. Show the back of the paper to the presiding officer and put it in the ballot box.

DOYLE — LIBERAL SOCIALISTS MARY DOYLE, of 10 High Street, Knockmore, Nurse.	Emblem	Photograph	❐
LYNCH — URBAN PARTY JANE ELLEN LYNCH, of 12 Main Street, Ardstown, Shopkeeper.	Emblem	Photograph	❐
MURPHY PATRICK MURPHY, of 12 Main Street, Ballyduff, Carpenter.		Photograph	❐
Ó BRIAIN — CUMANN NA SAORÁNACH SÉAMUS Ó BRIAIN, as 10 An tSráid Ard, Carn Mór, Oide Scoile.	Emblem	Photograph	❐
O'BRIEN — NON-PARTY EAMON O'BRIEN, of 22 Wellclose Place, Knockbeg, Barrister.			❐
O'BRIEN — THE INDEPENDENT PARTY ORLA O'BRIEN, of 103 Eaton Brae, Cahermore, Solicitor.	Emblem	Photograph	❐
O'CONNOR — NATIONAL LEAGUE CAROLINE O'CONNOR, of 7 Green Street, Carnmore, Engineer.	Emblem	Photograph	❐
THOMPSON — RURAL PARTY WILLIAM H. THOMPSON, of Dereen, Ballyglass, Farmer.	Emblem	Photograph	❐

(Cúl an Pháipéir)

Uimhir/Number .....

Toghchán do Dháilcheantar.....

Election for Constituency of.....

(Cúl an Chomhdhuille)

Comhdhuille, Uimhir

Counterfoil Number.....

”.